2025/1452

16.7.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/1452 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Iúil 2025

## lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh réigiún na Mór-Lochanna agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2098

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33, i gcomhar le hAirteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2024, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta de chuid an Aontais Eorpaigh (ISAE) a cheapadh do Réigiún na Mór-Lochanna.

(2) An 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2098 ([1]), lena gceaptar Johan BORGSTAM mar ISAE do réigiún na Mór-Lochanna. Rachaidh sainordú ISAE in éag an 31 Lúnasa 2025.

(3) Ba cheart síneadh eile a chur le sainordú ISAE go ceann 24 mhí agus ba cheart an méid tagartha airgeadais a choigeartú dá réir.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2098 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

1. Leis seo, ceaptar Johan BORGSTAM mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) do réigiún na Mór-Lochanna ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025.

2. Cuirtear síneadh le sainordú Johan BORGSTAM mar ISAE do réigiún na Mór-Lochanna go dtí an 31 Lúnasa 2027.

3. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh síneadh a chur le sainordú ISAE, nó é a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar bhonn togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí").';

(2) in Airteagal 5(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Is é EUR 3 385 100,49 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2027 a chumhdach.';

(3) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Cuirfidh ISAE tuarascálacha rialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 31 Bealtaine 2027.'.

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/2098 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh réigiún na Mór-Lochanna (IO L, 2024/2098, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2098/oj).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS